# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2026 á Ceiliúradh ar Scoil agaibh

## Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2026 ná: Scoileanna Caitliceacha: An Gnáthshaol, Glaoite chun na Naofachta

Bíonn aislingí agus dóchas ag an uile dhuine beo. Do chuid daoine, ba mhaith leo peil nó iománaíocht a imirt don chontae lá éigin, a bheith mar amhránaí cáiliúil, nó a bheith mar dhochtúir nó mar spásaire nuair a fhásann siad aníos. Is cuma cad iad ár n-aislingí, is féidir go gcuirfí glao orainne rud éigin iontach a dhéanamh lenár saol. Cuirtear glao ar Chaitlicigh ár n-aislingí a shaothrú freisin, toisc gur bheannaigh Dia sinn le tabhartais agus le tallann leis an saol a dhéanamh ina áit níos fearr. Cuirtear glao chun naofachta ar Chaitlicigh chomh maith. Cad is brí leis seo? Ciallaíonn sé go dtugaimid grá Dé isteach inár ngníomhartha gach lá.

Léirigh Íosa, ina shaol agus ina shaothar, an bhrí a bhain le 'naofacht'. Guíonn Íosa chun an Athar agus freastalaíonn sé ar dhaoine eile, iad siúd atá ar imeall na sochaí ach go háirithe. Cuirtear glao ar gach scoil Chaitliceach a bheith mar áit ina dtugtar cuireadh chun naofachta do gach dalta. Ciallaíonn sé seo gur pobal í an scoil ina gcothaítear na daltaí, agus ina gcabhraítear leo a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a mbronntanais agus a dtallann a chur i seirbhís dhaoine eile. Inár scoileanna, déanaimid eiseamláir de ghrá, de chineáltas agus de chúram inár leith féin, i leith dhaoine eile, i leith Dhia agus an domhan ina iomláine.

Ar an mbealach seo, cuidíonn ár scoileanna Caitliceacha leis na daltaí glao Dé chun na naofachta a chloisteáil, agus dea-shampla Íosa a leanúint. I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, ceiliúraimid agus aithnímid an t-ionchur uathúil a dhéanann ár scoileanna agus iad ag freastal ar ár ndaltaí, ar an bpobal agus ar an Eaglais. Go mbeannaí an Tiarna sinn agus go dtreoraí sé sinn uile i dtreo na naofachta inár smaointe, inár bhfocail agus inár ngníomhartha.

### Is iad seo téamaí an lae:

| | |
|---|---|
| **An Luan** | **Glaoite Chun na Naofachta trí Urnaí** |
| **An Mháirt** | **Glaoite Chun na Naofachta trí Chairdeas is Grá** |
| **An Chéadaoin** | **Glaoite Chun na Naofachta i Saol an Teaghlaigh (Lá na Seantuismitheoirí)** |
| **An Déardaoin** | **Glaoite Chun na Naofachta trí Mhisneach is Freastal** |
| **An Aoine** | **Glaoite Chun na Naofachta trí Lúcháir is Misean** |

> 'Céard a iarrann an Tiarna ort? Níl uaidh ach seo: an ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl go humhal i bhfochair do Dhé.' (Míocá 6:8)

De réir an nóis le blianta beaga anuas, baineann acmhainní áirithe leis na téamaí éagsúla, in oiriúint do na ranganna éagsúla: Naíonáin Sinsir & Sóisir/ Bunscoil 1&2; Rang 1 & 2/Bunscoil 3&4; Rang 3 & 4/ Bunscoil 5&6; agus Rang 5 & 6/Bunscoil 7.

Tá na snáitheanna agus na snáithaonaid oiriúnacha ó *An Curaclam Réamhscolaíochta agus Bunscolaíochta don Oideachas Reiligiúnach in Éirinn* (2015) luaite do na ranganna/grúpaí éagsúla ag tosach na bpleananna ceachta.

Ar an gCéadaoin déanaimid **Lá na Seantuismitheoirí** a cheiliúradh. Tugtar moltaí/ gníomhaíochtaí le déanamh ar an lá sin agus moltar ceiliúradh a dhéanamh de réir mar a bhíonn sé de nós agaibh, Aifreann a cheiliúradh in ómós do na seantuismitheoirí más féidir. Tá seirbhís urnaí ar fáil atá oiriúnach don scoil agus don seomra ranga, chomh maith le moltaí don cheiliúradh sa pharóiste.

Tá gach acmhainn le híoslódáil anseo: *www.catholicschools.ie*.

# Machnamh an Lae

**Is féidir gach machnamh a léamh os ard sa seomra ranga nó chuig pobal iomlán na scoile trí chóras idirchumarsáide na scoile gach aon lá den tseachtain. Léadh dalta nó ball foirne iad. Is féidir sos ciúin urnaitheach Críostaí a ghlacadh tar éis an machnamh a léamh.**



## AN LUAN

Is é seo an chéad lá de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2026. Is sa scoil Chaitliceach a iarrtar orainn na tallanna agus na buanna atá againn a úsáid ar mhaithe leis na daoine eile, a bheith grámhar aireach ina leith. Tugann Íosa an dea-shampla dúinn maidir leis an mbrí a bhaineann le cairdeas a thaispeáint: a bheith caoin aireach i leith dhaoine eile, iadsan atá uaigneach nó imeallach ach go háirithe. Go dtuigfimid gur pobal í an scoil ina mbíonn cairde ag cách i dtimpeallacht aireach, grámhar, sábháilte.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímid lena chéile an urnaí a thug Íosa dúinn: Ár nAthair ...*

## AN MHÁIRT

Iarrtar orainn inniu smaoineamh ar an gcaoi a nglaoitear chun na naofachta orainn trí aire a thabhairt dá chéile inár scoil Chaitliceach. Ar scoil, foghlaimímid rudaí tábhachtacha ar nós matamaitic, eolaíocht agus ealaín. Ach foghlaimímid freisin conas a bheith mar chara do dhaoine eile, faoi éisteacht le daoine eile agus a bheith ionchuimsitheach le daoine eile. Múineann Íosa dúinn conas is féidir linn é seo a dhéanamh tríd an Riail Órga: caitheamh le daoine eile de réir mar ba mhaith leat go gcaithfí leatsa. Inniu cuimhnímid ar fhreastal ar a chéile go foighneach, go cineálta agus go cairdiúil mar lucht leanta Dé.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímid lena chéile an urnaí a thug Íosa dúinn: Ár nAthair ...*





## AN CHÉADAOIN

Iarrtar orainn sa scoil Chaitliceach na seantuismitheoirí a cheiliúradh inniu. Is tíolacadh ar leith inár saol iad na seantuismitheoirí. Aithníonn siad an mhaitheas ionainn, agus múineann siad ceacht dúinn maidir le saol fiúntach muiníneach a chaitheamh. Is féidir leo an urnaí a mhúineadh dúinn agus a léiriú dúinn go gcaithfimid muinín a bheith againn i nDia go mbeidh cúrsaí i gceart. Iarrtar orainne aire a thabhairt dóibh siúd agus cabhrú leo, cuimhneamh orthu agus guí ar a son. Nuair a dhéanaimid an grá a thugann siad dúinn a chúiteamh leo, bímid ag freastal orthu.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímid lena chéile an urnaí a thug Íosa dúinn: Ár nAthair ...*

## AN DÉARDAOIN

Iarrtar orainn inniu smaoineamh ar an gcaoi a nglaoitear chun na naofachta orainn trí fhreastal a dhéanamh ar an bpobal. Is tíolacadh luachmhar é ár dtimpeallacht. Roinnimid leis na plandaí agus leis na hainmhithe go léir sa nádúr é. Inár scoil Chaitliceach, foghlaimímid gur rud naofa é an timpeallacht agus nuair a úsáidimid ár scileanna agus ár dtallann chun aire a thabhairt don domhan mórthimpeall orainn, go mbíonn saol naofa á chaitheamh againn. Deonaigh go bhfoghlaimeoimid conas freastal i gceart ar an bpobal, ar mhaithe leis an leas coiteann.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímid lena chéile an urnaí a thug Íosa dúinn: Ár nAthair ...*





## AN AOINE

Agus Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ag druidim chun deiridh, iarrtar orainn smaoineamh ar an gcaoi a nglaoitear chun na naofachta orainn trí lúcháir agus misean. Na ceachtanna a fhoghlaimímid inár scoil Chaitliceach, an aisling agus an dóchas atá againn, ár mbronntanais agus ár dtallann, caithfear iad seo ar fad a roinnt leis an saol. Inár scoil Chaitliceach, foghlaimímid gur pobal creidimh muid, gur chuid den teaghlach Críostaí muid. Leanaimid ar aghaidh i ndóchas agus i gcreideamh, agus muid ag súil leis go n-úsáidfimid ár mbronntanais i gcónaí chun maireachtáil cosúil le hÍosa ag tabhairt seirbhís agus cúram do dhaoine eile.

*A Thiarna, cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin tusa dúinn. Guímid lena chéile an urnaí a thug Íosa dúinn: Ár nAthair ...*